



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Gearrchúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí Leibhéal 2

Treoraíocht do na Measúnuithe
Rangbhunaithe

Bealtaine 2025

An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ	1
Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta	1
An leibhéal gnóthachtála i Measúnuithe Rangbhunaithe a chinneadh.....	1
Am do na Measúnuithe Rangbhunaithe	2
Neamhspleáchas scoile maidir leis na hullmhúcháin a dhéantar don Mheasúnú Rangbhunaithe	2
An chaoi a dtacaíonn an scoil le cur i gcrích na measúnuithe	2
Measúnú Rangbhunaithe in Stair T2	3
Measúnú Rangbhunaithe: Ag Féachaint ar mo chuid Foghlama sa Stair	3
An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: Ag Féachaint ar mo chuid Foghlama sa Stair	4
Ullmhúchán	5
Comhairle do scoláirí	6
An leibhéal gnóthachtála a chinneadh:	6

Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, Gearrchúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí Leibhéal 2: Treoirínte don Mheasúnú Rangbhunaithe:

- Eolas ginearálta faoi Mheasúnú Rangbhunaithe.
- Sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ar a bhfuil cur síos sa tsonraíocht le haghaidh ghearrchúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí.
- Na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála sa Mheasúnú Rangbhunaithe.
- Teoracha do scoileanna, do mhúinteoirí agus do scoláirí maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích

Ba cheart na treoirínte seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht do ghearrchúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí agus [Fócas ar an bhFoghlaim, tacar uirlisí le haghaidh na Sraithe Sóisearaí](#). Tugtar breacchuntas mionsonraithe ar an measúnú don tSraith Shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach, 2015, atá ar fáil ar:

<https://assets.gov.ie/static/documents/framework-for-junior-cycle-2015.pdf>

I ngearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí, beidh réimse cuir chuige measúnaithe in úsáid le cur leis an bhfoghlaim. Áireofar leo seo measúnuithe leanúnacha, lena n-áirítear tascanna agus scrúduithe rialta a dhearfadh an múinteoir; measúnú leanúnach don scoláire atá ag tabhairt faoi aonaid foghlama tosaíochta ag Leibhéal 2; agus measúnú rangbhunaithe amháin

Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí leis an tasc sonracha/na tascanna sonracha a leagtar amach i sonraíocht ghearrchúrsa CNCM nó sa tsonraíocht ghearrchúrsa arna forbairt sa scoil. Leagtar amach sna treoirínte seo na tascanna agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás an mheasúnaithe rangbhunaithe úsáidtear breithiúnas an mhúinteora sa tuairisciú a dhéanann an scoil do thuismitheoirí agus don scoláire. Ullmhaíonn na scoláirí don Mheasúnú Rangbhunaithe thar thréimhse ama mholta sa dara nó sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair baile, ná i dtrialacha a dhéanann na scoláirí le linn dóibh a ngnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

An leibhéal gnóthachtála i Measúnuithe Rangbhunaithe a chinneadh

Is ionann Measúnuithe Rangbhunaithe agus Measúnuithe ar Leibhéal Comónta. Bunaíonn an múinteoir an leibhéal a ghnóthaíonn an scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta a leagtar amach sna treoirínte seo. Ag Leibhéal 2 tá tuairisceoir amháin – Gnóthaithe.

Nuair a bhronntar Gnóthaithe ar obair an scoláire, ba cheart go gcomhlíonfaí an fhianaise ar an obair critéir uile, nó nach mór gach critéar, an leibhéal sin de réir na nGnéithe Cáilíochta agus ba cheart gurbh é breithiúnas an mhúinteora 'ar an iomlán' go bhfuil an Tuairisceoir sin tuillte ag obair an scoláire.

Am do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Áirítear Measúnú Rangbhunaithe san fhad ama a thugtar do ghearrchúrsaí, timpeall 100 uair an chloig. Is éard atá sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo toradh na hoibre ar tugadh fúithi i dtrí shnáithe an ghearrchúrsa staire. Ba chóir tús a chur leis an Measúnú Rangbhunaithe i ndiaidh obair na gceithre shnáithe a chur i gcrích. Samhlaítear go ndéanfar an t-ullmhúchán i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo agus go gcuirfear i gcrích é thar tuairim is 6-8 n-uair an chloig le linn an ranga. Níl i gceist leis seo, áfach, ach treoir. Baineann an múinteoir feidhm as a bhreithiúnas gairmiúil féin lena shocrú cá mhéad ama a bhíonn de dhíth ar scoláire leis an measúnú a chur i gcrích, ag brath ar riachtanais an scoláire aonair. Cé go mbeidh éagsúlacht ag baint leis an am a ndéantar an Measúnú Rangbhunaithe i ngearrchúrsaí, ag brath ar an scoil, ní féidir Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanfar i gcomhair tuairisciú i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a chur i gcrích sa chéad bhliain.

Neamhspleáchas scoile maidir leis na hullmhúcháin a dhéantar don Mheasúnú Rangbhunaithe

Leagtar amach sna treoirlínte seo raon roghanna le haghaidh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe na scoláirí agus na scoile. Cuirtear réimse féidearthachtaí i láthair maidir leis an gcaoi ar féidir an Measúnú Rangbhunaithe deireanach a dhéanamh agus maidir le ról an mhúinteora i leith riachtanais an scoláire a éascú. Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirlínte, is féidir leis an scoil, le múinteoirí agus le scoláirí raon na dtéamaí agus na n-ábhar don mheasúnú a shocrú go neamhspleách.

Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa ó CNCM a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile. Má tá an cúrsa á chur in oiriúint, d'fhéadfadh go mbeadh ar an scoil an Measúnú Rangbhunaithe a chur in oiriúint freisin ionas go léireodh sé foghlaim na scoláirí. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le Measúnú Rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirlínte ar fáil d'aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt.

An chaoi a dtacaíonn an scoil le cur i gcrích na measúnuithe

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ar na bealaí seo a leanas:

- A chinntiú go dtugtar Sonraíocht agus Treoirlínte CNCM do na Measúnuithe Rangbhunaithe do mhúinteoirí
- Tacú leis an múinteoir an Tuairisceoir leibhéal a bronnadh ar gach scoláire a thaifeadadh
- A chinntiú go mbíonn rochtain ag gach scoláire ar an measúnú
- Torthaí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus dá thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).

Agus fianaise á bailiú chun críocha measúnaithe i nGearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí, tá sé tábhachtach go n-úsáideann múinteoirí cuir chuige atá inbhuanaithe agus comhréireach. Toisc go

mbaineann measúnú le cur ar chumas múinteoirí torthaí a fheabhsú do scoláirí, tá sé tábhachtach a chinntiú nach mbeadh an iomarca páipéarachais ná próisis ró-chasta mar chonstaic le foghlaim agus teagasc. Is gá go dtacódh aon pháipéarachas le foghlaim seachas a bheith mar thoradh ann féin.

Cé gur cheart go mbeadh breithiúnais mheasúnaithe bunaithe ar fhianaise a tharraingítear go príomha ó foghlaim agus teagasc laethúil, níl aon ghá fóiliónna móra fianaise a bhailiú le tacú leis sin. Trí intinní foghlama agus critéir ratha nó gnéithe cáilíochta an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a chomhroinnt, nuair is indéanta, ba cheart don mhúinteoir aird a tharraingt ar an ról is féidir leis an scoláire a imirt chun fianaise cháilíochta a aithint óna shaothar féin lena húsáid chun críocha measúnaithe.

Bealach amháin is ea próiseas pleanála éifeachtúil ina sainaithnítear cén uair agus cén chaoi a ngabfar príomhghnéithe den foghlaim mar fhianaise don mheasúnú lena chinntiú go bhfanann gearrchúrsaí in-bhainistithe agus inbhuanaithe. Leis an gur chuige seo, ní gá fianaise iomarcach agus mhíchui a bhailiú maidir le feidhmíocht an scoláire. Seachnaítear chomh maith an brú ag deireadh an chúrsa chun fianaise a lorg agus a shainaithint le tacú le breithiúnais maidir le feidhmíocht ar an iomlán.

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil do scoláirí agus iad i mbun an mheasúnaithe, ba cheart breathnú ar an bpróiseas leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh múinteoirí treoir agus tacaíocht do scoláirí agus go ndéanfaidh siad maoirseacht orthu ó thús deireadh an phróisis.

D'fhéadfadh go mbeadh na tacaíochtaí seo a leanas i gceist:

- Riachtanais an taisc a shoiléiriú.
- Samplaí anóitilte d'obair an scoláire a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire.
- Treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil an tionscadail deiridh a éascú.

Measúnú Rangbhunaithe in Stair T2

Measúnú Rangbhunaithe a bheidh i measúnú Staire T2. Tá Measúnú Rangbhunaithe amháin ann, arb ionann é agus toradh na hoibre ar tugadh fúithi i dtrí shnáithe an ghearrchúrsa. Ba chóir tús a chur leis an Measúnú Rangbhunaithe i ndiaidh obair na dtrí shnáithe a chur i gcrích. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir obair a dhéantar sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach a áireamh don tuairisciú sa PGSS.

Measúnú Rangbhunaithe: Ag Féachaint ar mo chuid Foghlama sa Stair

Is tasc machnaimh é an Measúnú Rangbhunaithe seo atá bunaithe ar rannpháirtíocht agus ar foghlaim an scoláire aonair ar fud an ghearrchúrsa staire seo. Mar shampla, d'fhéadfadh an scoláire machnamh a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

- tráth tábhachtach/tráthanna tábhachtacha san foghlaim
- eispéireas/eispéiris faoi leith a thaitin leis

- an méid oibre a rinne sé le haghaidh tasc(anna) faoi leith
- éachtaí pearsanta a baineadh amach mar thoradh ar a rannpháirtíocht sa ghearrchúrsa seo

Gheobhaidh an scoláire taithí ar eispéiris éagsúla sa loga foghlama a chuirfear i láthair tar éis dó an gearrchúrsa a chur i gcrích. Is féidir an loga foghlama a chruthú i bhformáid ar bith atá oiriúnach chun machnaimh an scoláire a ghabháil. Mar shampla:

- i bhfoirm scríofa, amhail tuarascáil ghearr
- i bhfoirm dhigiteach, amhail blog gairid, físeán nó cur i láthair le sleamhnáin
- i bhfoirm amhairc, amhail cur i láthair grafach, samhail nó taispeántas
- i bhfoirm fuaime, amhail cur i láthair ó bhéal nó taifeadadh fuaime.

Ní liosta uileghabhálach é sin, níl ann ach samplaí de na roghanna féideartha atá ann chun an loga foghlama a fhorbairt. D'fhéadfadh an scoláire cinneadh a dhéanamh meascán de chuir chuige a úsáid chun a loga foghlama a chur i láthair.

Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú mar chuid de 'Ag Féachaint ar mo chuid Foghlama sa Stair' ag brath, a bheag nó a mhór, ar an gcur chuige a roghnófar. Cúpla ceann a d'fhéadfadh a bheith ábhartha go háirithe:

Measúnú Rangbhunaithe: Ag Féachaint ar mo chuid Foghlama sa Ghearrchúrsa Staire, Leibhéal 2

1.8, 1.12, 2.4, 2.5, 2.7, 3.1, 3.2, 3.3, 3.6, 3.7, 3.8
--

Cuireann an Measúnú Rangbhunaithe rannpháirtíocht an scoláire chun cinn:

- trí rogha measúnuithe a thabhairt
- trí dheiseanna comhoibrithe a thabhairt don scoláire chun an measúnú a ullmhú.

An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: Ag Féachaint ar mo chuid Foghlama sa Stair

Tabharfaidh an scoláire faoi mhachnamh agus athbhreithniú ar a chuid foghlama ar fud an chúrsa - más gá, le treoir ón múinteoir. Áireofar leis sin machnamh ar céard a d'fhoghlaim sé sa ghearrchúrsa staire seo agus céard go sonrach a raibh spéis aige ann. Féadfaidh an scoláire naisc idir an stair agus a shaol féin a fhiosrú mar bhealach le tuiscint a shaothrú ar an bhfáth a gcuireann sé suim sa chineál sin staire.

Féadfaidh an scoláire oibriú i mbeirteanna nó i ngrúpaí (le plé a dhéanamh mar shampla ar chuairteanna a thug siad i rith an chúrsa nó ar imeachtaí staire atá tábhachtach dóibh. Tá cead ag an scoláire grianghraif agus/nó cáipéisí eile a roinnt a chabhróidh leis machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama féin) ach, sa tuairisciú a dhéanfar i leith Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí, tabharfar suntas do mhachnamh aonair an scoláire ar a chuid foghlama maidir lena bhfuil faighte amach acu agus maidir le céard ann a bhfuil suim acu.

Más mian leis an scoláire obair a chur isteach i bhfoirm dhigiteach nó fuaimne, ba cheart go léireodh an t-am a cuireadh isteach sa chur i láthair cumas an scoláire. Mar threoirlíne, níor cheart go mairfeadh an cur i láthair níos mó ná trí nó ceithre nóiméad, ach amháin i gcásanna go gcuirfeadh an teorainn ama sin bac ar an scoláire a chuid machnaimh a léiriú ar bhealach fiúntach. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart plé go críonna leis an treoir trí/ceithre nóiméad i dtaca le hobair a dhéanfaí i mbeirteanna nó i ngrúpaí. Ní gá glacadh leis gur sé nóiméad do bheirteanna nó naoi nóiméad do ghrúpa de thriúr an teorainn ama a bheidh i gceist. Cuireann an múinteoir an t-am in oiriúint lena chur ar chumas gach scoláire ionchur suntasach a bheith aige sa Ghníomhaíocht Rangbhunaithe ina iomláine. Más mian leis an scoláire leagan amach scríofa a úsáid lena chuid machnaimh a léiriú ba cheart go léireodh fad na cáipéise cumas foghlama an scoláire

Ag brath ar an leagan amach a roghnaítear, féadfaidh scoláire feidhm a bhaint as léaráidí, grianghraif, gairis dhigiteacha, éifeachtaí speisialta nó prapáí nuair is cuí.

D'fhéadfaí cur i láthair an scoláire a mheas i láthair piaraí nó ina aonar, ag brath ar leibhéal muiníne an scoláire agus an leis féin atá sé ag déanamh an chuir i láthair nó mar chuid de ghrúpa. B'fhéidir go gcabhródh sé le múinteoirí cur i láthair an scoláire a thaifeadadh, más féidir, óir tacaíonn an cleachtas seo leis na próisis athbheithnithe agus mhachnaimh.

Féadfaidh scoláirí oibriú i mbeirteanna/i ngrúpaí le tuarascáil a dhéanamh, ach déanfar iad a mheasúnú ar bhonn aonair lena chinntiú go bhfuil a chuid machnamh aonair le haithint go soiléir sa tuarascáil.

Ullmhúchán

Is iomaí deis a bhíonn ag scoláire a thugann faoin ngearrchúrsa seo eolas agus scileanna a fháil mar aon le bheith ag labhairt agus ag oibriú le daoine eile. Foghlaimíonn sé cá háit ar cheart dul agus cé leis ar cheart labhairt nuair is gá dó eolas a aimsiú. Pléann sé imeachtaí lena chomhscoláirí nó le daoine eile ag amanna éagsúla i rith an chúrsa. Téann sé i dtaithe ar a bhfuil foghlamtha aige ó chéimeanna éagsúla an ghearrchúrsa a thabhairt chun cuimhne, agus ar theicnící a fhorbairt chun eolas ábhartha a aimsiú. Is é an t-ullmhú is fearr i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe an teagmháil leanúnach, an ghníomhaíocht phraiticiúil agus an t-atreisiú ar an bhfoghlaim sin. Má roghnaíonn an scoláire cur i láthair a dhéanamh, bheadh sé tábhachtach cleachtadh a dhéanamh air seo trí chuntas ar ghnéithe dá chuid foghlama a thabhairt do dhaoine eile sula dtabharfadh sé faoin gcur i láthair lá an Mheasúnaithe Rangbhunaithe.

D'fhéadfadh go mbeadh comhthiomsú áirithe d'obair an scoláire a rinneadh ag céimeanna éagsúla den ghearrchúrsa i gceist leis an ullmhúchán. D'fhéadfadh tacaíocht a bheith de dhíth ar an scoláire chun an t-ábhar a chur i dtoll a chéile i bhformáid a bheadh oiriúnach chun roinnt bheag bunteachtaireachtaí a chur i láthair trí úsáid stór bunfhocal. Agus é ag déanamh ullmhúchán do 'Ag Féachaint ar mo chuid Foghlama sa Stair', b'fhéidir go mbaileodh an scoláire cáipéisí ábhartha, grianghraif agus/nó léaráidí eile chun cabhrú leis cuimhneamh ar an bpróiseas a thug sé faoi.

Tá sé tábhachtach fosta cleachtadh a dhéanamh ar conas eolas a chur in iúl má roghnaíonn an scoláire cur i láthair a dhéanamh. Tá sé tábhachtach feachtas a fhorbairt i measc scoláirí ar a riachtanaí atá sé cumarsáid shoiléir a dhéanamh tríd an meán a roghnaíodh m.sh. go digiteach, trí mheán na drámaíochta nó trí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL). Ní mór go n-aithníonn

an scoláire gur suntasach dáimh a chothú leis an lucht éisteachta/le comhpháirtí cumarsáide m.sh. trí bhreathnú air sa tsúil, trí ghothaí á úsáid, trí úsáid an ghrinn nó tríd an rogha prapaí a úsáidtear

Comhairle do scoláirí

- Inseoidh tú scéal imeachtaí sa stair ar bhain tú taitneamh as iad a fhoghlaim.
- Féadfaidh do mhúinteoir leideanna a thabhairt duit nó pictiúir, grianghraif, srl. a úsáid chun cuidiú leat cuimhneamh ar shonraí tábhachtacha.
- Féadfaidh tú an t-ullmhúchán a dhéanamh le do chomhscoláirí ach déanfar measúnú ar leith ar do chuid oibre féin.
- Dá mhéad den obair seo a dhéanann tú i d'aonar is ea is fearr.
- Is féidir ceist a chur ar do mhúinteoir maidir le cá mhéad am atá agat don mheasúnú.
- Más ag déanamh cur i láthair atá tú, roghnú an bealach is fearr duitse leis an gcur i láthair a dhéanamh
- ar a bhfuil foghlamtha agat. Féadfaidh tú do chuid oibre a chur i láthair trí labhairt, trí do ghuth a thaifeadadh agus/nó trí fhíseáin agus grianghraif a úsáid
- Más ag déanamh tuarascála ar do chuid oibre atá tú, féadfaidh sí a bheith clóbhuailte, nó mar bhailiúchán de leideanna amhairc a léiríonn do chuid machnaimh ar do chuid foghlama sa stair.
- Cuir ceisteanna má tá aon rud ann nach dtuigeann tú nó nach bhfuil tú cinnte faoi.

An leibhéal gnóthachtála a chinneadh:

Na Gnéithe Cáilíochta

Is ionann Measúnuithe Rangbhunaithe agus Measúnuithe ar Leibhéal Comónta. Tá Tuairisceoir amháin ag Leibhéal 2: **Gnóthaithe**.

Bunaíonn an múinteoir a bhreithiúnas maidir le cé acu a ngnóthaíonn nó nach ngnóthaíonn an scoláire an Tuairisceoir 'Gnóthaithe' sa Mheasúnú Rangbhunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta a bhaineann le Ag Féachaint ar mo chuid Foghlama mar chuid den Ghearrchúrsa Staire, Leibhéal 2 agus a leagtar amach sna Treoirínte seo.

Is iad na gnéithe cáilíochta na critéir a úsáidtear le hobair an scoláire a mheasúnú

Na Gnéithe Cáilíochta: Measúnú Rangbhunaithe
Gnóthaithe
• Léiríonn machnamh pearsanta an scoláire maidir le 'Ag Féachaint ar mo chuid Foghlama sa Stair' • Feasacht ar an stair agus/nó ar thionchar an athraithe le himeacht ama. • Rannpháirtíocht ghníomhach sa phobal áitiúil agus sa phobal níos leithne. Cumas machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama sa Stair go nuige seo.

Tá an cinneadh maidir le Tuairisceoir 'Gnóthaithe' a bhronnadh ar obair an scoláire bunaithe ar bhreithiúnas an mhúinteora go dtagann obair an scoláire ar an iomlán leis na Gnéithe Cáilíochta mar a leagtar amach iad thuas.

Aiseolas a úsáid

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil le tacú leis an bhfoghlaim. Cuirfear in iúl don scoláire cé acu a ghnóthaigh nó nár ghnóthaigh sé an Tuairisceoir 'Gnóthaithe' a luaithe a dhéanfaidh an múinteoir a bhreithiúnas. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar na scoláirí a chur in iúl dóibh. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais maidir le húsáid an aiseolais ar fáil ag [Díriú ar an bhFoghlaim | CNCM](#)

Toradh a cheistiú

Is í an scoil a thabharfaidh aghaidh ar cheisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnú Rangbhunaithe, nuair a thagann ceisteanna dá leithéid chun cinn.



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment